C/2025/6085

11.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12184 — MAGELLAN / METS)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6085)

1. An 3 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Magellan Partners ('Magellan', an Fhrainc), atá faoi rialú ICG plc (an Ríocht Aontaithe) agus Gala Investment (an Fhrainc)

— Worldline SA's Mobility & e-Transactional Services business ('MeTS', an Fhrainc), atá faoi rialú Worldline SA (an Fhrainc).

Gheobhaidh Magellan rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar MeTS ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa seirbhísí comhairliúcháin agus TF é Magellan arb iad córais eagraíochtúla comhairliúcháin agus faisnéise an speisialtóireacht atá aige. Tá Magellan gníomhach go príomha sa Fhrainc; agus

— Is gnólacht seirbhísí TF é MeTS Worldline a sholáthraíonn seirbhísí digiteacha dá chliaint (lena n-áirítear bainistiú ticéad agus/nó dearbhán, bainistiú réiteach iompair, réitigh teagmhála, etc.). Tá MeTS gníomhach den chuid is mó sa Fhrainc, agus sa Ghearmáin, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12184 — MAGELLAN / METS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.